S28T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

1508

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH - IARNÓIN, 1.30 GO 3.30

ROINN 2 (90 MARC)

Freagair **TRÍ** cheist.

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh mar go bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí ann. Cuimhnigh le do thoil go gcaithfear an fillteán a thabhairt ar ais le do leabhrán freagraí.

THALL →

ROINN 2

1. **ÉAGOTHROIME EACNAMAÍOCH**

(a) "*Is féidir an domhan a roinnt ina thíortha **Forbartha** agus **i mBéal Forbartha**.*"

(i) Mínigh cad is ciall leis na téarmaí thuas a bhfuil líne fúthu.

(ii) Tabhair **TRÍ** dhifríocht idir tíortha Forbartha agus tíortha i mBéal Forbartha.

[10]

(b) Scrúdaigh an léaráid thíos a léiríonn conas a roinntear an t-ioncam ó chaife idir na grúpaí a bhaineann lena tháirgeadh agus lena mhargú.



Maidir le caife **nó** tráchtearra eile a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh **DHÁ** bhealach ina gcothaíonn roinnt an ioncaim fadhbanna do na tíortha i mbéal forbartha a bhfuil baint acu leis an gceist.

[10]

(c) (i) **Caiteachas Míleata a Laghdú** (ii) **Cúnamh a Mhéadú** (iii) **Fiacha a chealú**

Moladh na trí mhír thuas mar bhealaí chun na difríochtaí idir tíortha Forbartha agus tíortha i mBéal Forbartha a laghdú.
Roghnaigh **DHÁ CEANN** díobh sin thuas agus mínigh conas a d'fhéadfadh siad na difríochtaí a laghdú.
Déan tagairt i do fhreagra do shampla **AMHÁIN** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[10]

2. MEASCÁN GEOGRAFACH

Freagair **TRÍ CINN** díobh seo a leanas (a, b, c, d):

(a) Maidir le sampla **ainmnithe** de thionscal déantúsaíochta a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh cén bhaint a bhí ag na trí thoisc a leanas le suíomh an tionscail.

• Iompar • Lucht Saothar • Teacht an Amhábhair [10]

(b) Is samplaí de imirce eagraithe iad **Plandáil Uladh** agus an **Cóiliniú Eorpach** i Meiricea Theas.
Roghnaigh **ceann** de na himircí thuas agus mínigh **TRÍ** thionchar a d'imir an imirce ar an gceantar inar lonnaigh na daoine.
[10]

(c) (i) Mínigh **DHÁ** chúis a bhaineann leis an laghdú ar mhéid an éisc a maraíodh in uiscí na hÉireann le blianta beaga anuas.

(ii) "*Tá líon na n-éisc in uiscí na hÉireann laghdaithe le blianta beaga anuas.*"

Déan cur síos ar **DHÁ** bheart atá á gcur i gcrích chun teorainn a chur le torthaí na ró-iascaireachta.
[10]

(d) "*Uaireanta is féidir leis an bpleanáil uirbeach feabhas a chur ar an timpeallacht ina gcónaíonn daoine.*"

Maidir le sampla **ainmnithe** de chathair nó de bhaile Éireannach a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh **DHÁ** bhealach inar chuir Pleanáil Uirbeach feabhas ar an timpeallacht. [10]

3. **AOLCHLOCH AGUS AN BHOIREANN**

"*Is ceantar d'aolchloch lom í an Bhoireann i dtuaisceart Chontae an Chláir. Chruthaigh an síonchaitheamh ceimiceach tírdhreach drámatúil, ar an dromchla agus faoin talamh.*"

(a) (i) Mínigh conas a chruthaítear aolchloch. [5]

(ii) Déan cur síos ar conas a tharlaíonn síonchaitheamh Ceimiceach. [5]

(b) "*Is sampla de Thírdhreach Carstach (Karst) í an Bhoireann.*"

Scrúdaigh an léaráid de na gnéithe a fhaightear i gceantair Charstacha.

(i) Ainmnigh na gnéithe marcáilte **A - D** sa léaráid.

(ii) Roghnaigh **DHÁ CHEANN** ón liosta agus mínigh conas a cruthaíodh iad. [10]



(c) Tugann go leor turasóirí cuairt ar an réimse leathán tarraingtí atá sa Bhoireann. Bíodh go mbronnann na turasóirí cuid mhaith buntáistí ar an gceantar, is iad is cúis le roinnt fadhbanna chomh maith.
Déan cur síos ar conas a chuireann **DHÁ CHEANN** de na fadhbanna sin isteach ar an mBoireann. [10]

4. **AERFHÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL**

(a) **Déan staidéar ar an léarscáil Shuirbhéireachta Ordanáis agus ar an eochair (nótaí mínithe) a cuireadh ar fáil.**

(i) Cad é fad an bhóthair N2, i gciliméadair, óna nasc leis an mbóthar 3ú grád [**N** 994 848] go dtí go nasc leis an R170 ag [**N** 963 903]? [4]

(ii) Dá mbeifeá ag taisteal i líne dhíreach **GO** Baile Átha Fhirdhia **Ó** na háiteanna seo a leanas, cén treo a mbeifeá ag taisteal i ngach cás?

1.	Loughanmore	[**O** 009 959]	
2.	Blakestown Cross Rds	[**N** 965 878]	
3.	Knocklore	[**N** 931 953]	[6]

(b) Trí leas a bhaint as an bhfianaise ar an léarscáil, tabhair **TRÍ** chúis faoi conas a forbraíodh Baile Átha Fhirdhia ag an suíomh seo. I do fhreagra déan tagairt don am atá thart agus don láithreach. [12]

(c) (i) Trí úsáid a bhaint duit as an bhfótagraf agus as an léarscáil, abair cén treo a raibh an ceamara dírithe nuair a tógadh an pictiúr.

(ii) Cén t-am den bhliain a tógadh an pictiúr?
Mol **DHÁ** phíosa fianaise ar an bhfótagraf mar thaca le do fhreagra. [8]

5. **AERFHÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL**

Is ceart an tAerfótagraf agus an léarscáil Shuirbhéireachta a úsáid i gcuid **(c)** amháin den cheist seo. Is ceart an tAerfótagraf amháin a úsáid in **(a)** agus **(b)**.

De bhrí nach fótagraf ingearach é seo, déan tagairt do shuíomh na n-áiteanna mar 'cúlionad', 'réamhionad ar dheis' srl.

(a) Trí leas a bhaint as an bhfótagraf duit, agus as sin **amháin**, tarraing sracléarscáil den chuid de Bhaile Átha Fhirdhia atá léirithe. Marcáil **agus** sainaithin na nithe seo a leanas:

- dhá bhóthar chomhnasctha
- foirgneamh stairiúil
- áit stórála adhmaid
- séipéal agus reilig
- sadhlann gráin

[10]

(b) (i) '*Síneann príomhshráid Bhaile Átha Fhirdia trasna an fhótagraif ó dheas láir go clé láir*'.

Trí leas a bhaint as an bhfótagraf, tabhair **DHÁ** phíosa fianaise a thacaíonn leis an ráiteas gur príomhshráid Bhaile Átha Fhirdia atá anseo.

(ii) Mínigh go hachomair buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le bheith i do chónaí ar phríomhshráid bhaile ar nós Bhaile Átha Fhirdia. [10]

(c) Tá an t-údarás áitiúil don cheantar seo chun ionad siopadóireacht nua a thógáil san áit atá léirithe sa léarscáil.

(i) Sainaithin an chuid den fhótagraf inar mhaith leat an t-ionad siopadóireachta a shuíomh.

(ii) Ag tagairt duit don fhótagraf agus don léarscáil araon, tabhair buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntaiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an suiomh sin.

[10]